Ná Dúisigí

Bhí an sioc aréir chomh crua
Tá sé feanntach fuar inniu
Seo an lá don chóta mór
Seo an lá don phéire miotóg

Tá an tír chomh socair ciúin
Tá an crann amuigh faoi shuan
Mar a chéile an ghrainneoigín
Ina codladh de ló is d'oích'

Ach i dtír na mbrionglóidí
Tá an sionnach ag rith is ag spraoi
I bhfad i bhfad ón aimsir fhuar
Tá broc ag spraoi le hiora rua

A ainmhithe ná dúisigí
Seo an t-am do bhrionglóidí
Fanaigí 'na gcodladh go fóill
Tá an Geimhreadh ag síneadh romhainn
Tá an Geimhreadh ag síneadh romhainn
Tá an Geimhreadh ag síneadh romhainn

©1997 & 2005 – Ceol agus liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin